
# *Ardchaighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar láithreán tógála*

**Oiliúint sábháilteachta**

- Ó thaobh an dlí de, caithfidh oibrithe tógála cúrsa pas sábháilte a dhéanamh
- Tá oiliúint riachtanach chun feasacht a fhorbairt i measc oibrithe maidir le rioscaí a d'fhéadfadh tarlú ar an láithreán
- Tá oibleagáid dhlíthiúil ar oibrithe freastal ar an oiliúint sábháilteachta go léir a chuirtear ar fáil agus páirt a ghlacadh inti
- Tá sé éigeantach cúrsa oiliúna náisiúnta sábháilteachta a dhéanamh gach 3-4 bliana chun an t-eolas a thabhairt chun cuimhne arís
- Ba cheart d'oibrithe cloí le caighdeáin sábháilteachta mar a shainaithnítear iad ar chúrsaí oiliúna
- Ba cheart monatóireacht rialta a dhéanamh ar chleachtais oibre
- Tá sainoiliúint ag teastáil ó oibrithe ar threalamh/ innealra/ feithiclí sula n-úsáideann siad iad ar an láithreán
- Ba chóir gach dea-chleachtas oibre sábháilte a chur I bhfeidhm
- Tá sé riachtanach deimhniú Pas Sábháilte a fháil agus a choinneáil.



Laithreán tógála = suíomh tógála = láthair tógala



# *Ardchaighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar láithreán tógála*

**Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)**





- De réir an dlí, caithfidh gach oibrí tógála trealamh cosanta pearsanta a úsáid ar an láithreán
- Níor cheart d'oibrithe aon obair a dhéanamh mura bhfuil an Trealamh Cosanta Pearsanta ceart curtha ar fáil
- Trealamh Cosanta Pearsanta, amhail, clogaid, buataisí, éadaí-bástchótaí sofheicthe, seaicéid, bríste, lámhainní, spéaclaí sábháilteachta, cosaintí cluaise, úim shábháilteachta, etc.
- Is gá Trealamh Cosanta Pearsanta ar leith a chaitheamh nuair a bhíonn saintascanna agus tascanna contúirteacha á ndéanamh
- Má tá aon lochtanna sa Trealamh Cosanta Pearsanta a fhaigheann oibrithe, is gá sin a thuairisciú láithreach
- Má aithníonn na hoibrithe mír Trealamh Cosanta Pearsanta atá riachtanach, ach nach bhfuil ar fáil, ba cheart dóibh an t-oifigeach sábháilteachta a chur ar an eolas láithreach
- Is gá a chinntiú go bhfuil Trealamh Cosanta Pearsanta cuí ag gach cuairteoir ar an láithreán agus, más gá, an trealamh sin a thabhairt dóibh
- Ba cheart d'fhostóirí a bhfostaithe a chur ar an eolas maidir le haon fhadhbanna sláinte a bhféadfadh úsáid PPE dul i bhfeidhm orthu.





Antoine Ó Finneadha

# *Ardchaighdeáin sábháilteachta a choinneáil ar láithreán tógála.*

**Faireachas**

- Ba chóir go mbeadh oibrithe ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta láithreáin agus go ndéanfadh siad athbhreithniú air go rialta
- Ba chóir dóibh tuairisciú a dhéanamh ar ghuaiseacha nó ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith acu maidir lena sláinte agus sábháilteacht féin nó le sláinte agus sábháilteacht daoine eile
- Ba chóir go mbeadh tiomantas daingean ón mbainistíocht chun monatóireacht a dhéanamh ar shláinte agus sábháilteacht ar an láithreán agus iad a fheabhsú
- Oifigeach sábháilteachta - freagracht air/uirthi as measúnú rialta a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh tarlú ar an láithreán agus as straitéisí a fhorbairt chun an baol d'fhostaithe a laghdú
- Is gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chleachtais oibre na n-oibrithe ar an láithreán
- Ba chóir go mbeadh a fhios ag gach oibrí cé hé an t-oifigeach sábháilteachta ar an láithreán
- Caithfidh bealach soiléir a bheith ann chun rioscaí a aithint agus a thuairisciú don bhainistíocht
- Is gá aon timpistí nó neastimpistí a thuairisciú







- Foinsí -
- SEAI
- CNCM
- CSS